Caidreamh idir Leanaí Scoile na hÉireann

HBSC (IOMPRÍOCHT SLÁINTE i LEANAÍ ag AOIS SCOILE) na hÉIREANN 2002

Bileog Fíricí Taighde 4

An Dr Michal Molcho agus an Dr Saoirse Nic Ghabhainn,
An tIonad Léinn um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.

Achoimre

De réir taighde a rinne HBSC na hÉireann, maíonn 60.1% de leanaí idir deich agus ocht mbliana déag d'aois go bhfuil dea-chaidreamh acu leis na daltaí eile scoile (55.9% buachaillí agus 63.1% cailíní). Níor tháinig athrú ar an gcéatadán seo ó 1998 i leith. Laghdaíonn an céatadán seo, áfach, de réir mar a chuirtear aoiseanna níos sine san áireamh. Bíonn líon níos lú fadhbanna mothálacha agus sómatacha chomh maith le líon níos lú cásanna meisce ag leanaí a mhaíonn go bhfuil dea-chaidreamh acu leis na daltaí eile scoile. Bíonn siad níos rannpháirtí i ngníomhachtaí fisiciúla ná leanaí nach maíonn go bhfuil dea-chaidreamh acu leis na daltaí eile. Ina theannta sin, maítear go bhfuiltear an-sláintiúil agus an-sona i gcomparáid leis na leanaí nach mbíonn dea-chaidreamh acu leis na daltaí eile.

Cén fáth a gcuirtear béim ar an ábhar seo?

Is láthair thábhachtach í láthair na scoile do leanaí ar feadh ar a laghad deich mbliana dá saol, 5-7 n-uaire in aghaidh an lae. Ina theannta sin, tá ról tábhachtach ag an scoil i dtaobh sláinte daoine óga[3,4]. Ceann de na gnéithe a shonraítear i saol na scoile ná an phiarthacaíocht[5]. Déanann dea-chaidreamh idir daltaí scoile tagairt, sa bhileog fíricí seo, do thrí cheist, ina léirítear go maíonn leanaí gur deas leo a bheith le chéile, go bhfuil daltaí cineálta agus cabhrach agus go nglacann daltaí eile leo amhail atáthar.

Treochtaí 1998 – 2002

Ar deireadh thiar, níl athrú le sonrú i dtaobh an chéatadáin faoi mar a thug leanaí le fios maidir le dea-chaidreamh idir daltaí scoile ó 1998 i leith (59.7% i 1998, 60.1% in 2002). Ní fheictear méadú ach i measc leanaí idir 10 agus 11 bhliain d'aois ó 67.9% i 1998 go dtí 71.9% in 2002, cé go bhféadfadh teorainn earráidí staitistice a bheith mar chúis leis an méadú beag seo.

...Caidreamh idir Leanaí Scoile na hÉireann



Céatadán na leanaí a thugann le fios go bhfuil dea-chaidreamh acu leis na daltaí eile, de réir aoise inscne, HBSC 2002

An phiarthacaíocht Scoile a chur i gcomhthéacs

- Is mó seans a bhíonn sláinte fíormhaith ag daltaí a thugann le fios go bhfuil dea-chaidreamh acu leis na daltaí eile ná daltaí a thugann a mhalairt le fios (33% vs. 21%) agus gur mó seans go dtugann siad le fios go mbraitheann siad sona faoina saol (53% vs. 31%).
- Is lú seans a bhíonn comharthaí mothálacha go minic ag daltaí a thugann le fios go bhfuil dea-chaidreamh acu leis na daltaí eile ná daltaí a thugann a mhalairt le fios (11% vs. 19%) agus is lú seans a thugann na daltaí seo le fios, sa mhullach air sin, nach mbíonn comharthaí fisiciúla acu a mhinice is a bhíonn ag daltaí a thugann a mhalairt le fios (22% vs. 30%).
- Léiríonn daltaí a thug le fios go mbíonn dea-chaidreamh acu leis na daltaí gur lú seans go raibh siad ólta ná daltaí a thugann a mhalairt le fios (27% vs. 37%).
- Léiríonn daltaí a thug le fios go mbíonn dea-chaidreamh acu leis na daltaí eile gur lú seans go gcaitheann siad tobac ná daltaí a thugann a mhalairt le fios (15.7% vs. 22.5%).
- Léiríonn an taighde freisin, nach bhfuil baint ag caighdeán na gcaidreamh idir daltaí eile le haicme shóisialta nó le daltaí a raibh gortú leigheaschóireáilte orthu tráth ar bith le himeacht 12 mhí.

...Caidreamh idir Leanaí Scoile na hÉireann



Céatadán leanaí ar aois 15 iad a thugann le fios go bhfuil piarthacaíocht dhearfach ar scoil, de réir tíre

Idirnáisiúnta

Áirítear déagóirí Éireannacha 15 bliana d'aois (buachaillí agus cailíní le chéile) sa 17ú háit i measc 35 tír san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh, agus tugann 53% díobh le fios go bhfuil dea-chaidreamh acu féin leis na daltaí eile. San iomlán, tugann 68% de leanaí 11 bhliain d'aois (14ú háit) agus 62% de leanaí 13 bliana d'aois (10ú háit) go bhfuil dea-chaidreamh acu féin leis na daltaí eile.

Impleachtaí

Tugann breis is leath de líon na leanaí scoile le fios go bhfuil dea-chaidreamh acu leis na daltaí eile, agus níor tháinig athrú ar an bhfigiúr seo. Mar sin féin, agus an bhaint atá ag dea-chaidreamh leis na daltaí eile le tosca baoil agus cruais, níor cheart neamhaird a dhéanamh den 40% de leanaí scoile nach bhfuil dea-chaidreamh acu leis na daltaí eile. Ba cheart iarracht a dhéanamh na leanaí nach bhfuil chomh páirteach ar bhonn sóisialta a aithint agus foinsí eile tacaíochta a chur ar fáil dóibh. D'fhéadfaí beartais agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil chun lámh chúnta a thabhairt do dhaltaí nach bhfuil chomh páirteach sa rang páirt níos sóisialta a ghlacadh ann.

...Caidreamh idir Leanaí Scoile na hÉireann

Tagairtí

1. Currie, C., Samdal, O., Boyce, W. & Smith, R. (eagí.) (2001). *Health behaviour in school-aged children: a WHO cross-national study (HBSC): research protocol for 2001/2002 survey.* Dún Éideann: CAHRU, Ollscoil Dhún Éideann.

1. Currie, C., Roberts, C., Morgan, A., Smith, R., Settertobulte, W., Samdal, O. & Barnakov-Rasmussen, V. (eagí.) (2004). *Young people's health in context.* Health Policy for Children and Adolescent No. 4. Cóbanhávan: WHO-Europe.

2. Samdal, O., Nutbeam, D., Wold, B. & Kannas, L. (1998). Achieving educational goals through schools: a study of the importance of school climeta climate and students' satisfaction with school. *Health Education Research, 13(3*), 383-397.

3. Perry, C.L., Kelder, S.H. & Komro, K.A. (1993). The social world of adolescents: family, peers, schools, and the community. In S.G. Milstein, A.C. Petersen & E.O. Nightingale (eagí.) *Promoting the health of adolescents: new directions for the twenty-first century.* Nua Eabhrac, Oxford University Press.

4. Demaray, M.K. & Malecki, C.K. (2002). The relationship between perceived social support and maladjustment for students at risk. *Psychology in the Schools*, *39*, 305-316.

Staidéar taighde is é an Iompraíocht Sláinte Leanaí na hÉireann a rinne líonra idirnáisiúnta d'fhoirne taighde [1,2] i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (Eoraip) agus a chomhordaigh an Dr Candace Currie ó Ollscoil Dhún Éideann. Sa bhliain 2002, rinne HBSC na hÉireann suirbhé ar 8,424 leanbh Éireannach ó scoileanna éagsúla ar fud na tíre.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.hbsc.org, ag www.nuigalway.ie/hbsc agus ag www.hbsc.org/countries/ireland.html

Faigheann HBSC na hÉireann maoiniú ón Aonad um Chothú Sláinte sa Roinn Sláinte agus Leanaí. Fuarthas cúnamh deontais ón mBord Taighde Sláinte chun an bhileog fíricí seo a chur le chéile. Bhí HBSC na hÉireann ina chuid de Shuirbhéanna Náisiúnta Sláinte agus Nós Maireachtála a stiúraigh an tOllamh Cecily Kelleher. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis na leanaí, na múinteoirí agus na scoileanna ar fad a ghlac páirt sa suirbhé agus aitheantas a thabhairt don méid a rinne ár gcomhghleacaithe san Ionad Léinn um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.

Táimid fíorbhuíoch d'Oifig an Aistriúcháin in OÉG as an obair aistriúcháin ar fad a rinneadh.